

Creat Foghlama Digití

Ceistneoir Féinmheasúnaithe Ceannaireachta

Caighdeán 4.1: An t-athrú a bhainistiú, a threorú agus stiúradh chun freagairt do riachtanais na scoile a bhíonn ag athrú i gcónaí agus d'athruithe san oideachas.

1. **Tacaím le hathrú teagascach a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha agus déanaim an t-athrú sin a stiúradh.** (Tacaím/Ní thacaím)
2. **Cuirim cultúr scoile chun cinn ina léirítear meas ar thástáil, ar aiseolas, agus ar mhachnamh i gcleachtas teagaisc.** (Rogha - Aontaím go láidir, Aontaím, Nílím cinnte, Easaontaím, Easaontaím go láidir)
3. **Cinntím go dtacaíonn struchtúir foghlama gairmiúla agus struchtúir chomhoibríocha leis an athrú sa teagasc agus san fhoghlaim.** (Cinntím/Ní chinntím)
4. **Úsáidim sonraí nó fianaise taighde chun nuálaíocht a threorú i gcleachtas teagaisc.** (Úsáidim/Ní úsáidim)
5. **Déanaim monatóireacht ar chur i bhfeidhm straitéisí an teagaisc dhigitigh agus na foghlama digití ar fud na scoile, agus ar an tionchar a bhíonn ag na straitéisí sin.** (Déanaim/Ní dhéanaim)
6. **Spreagaim múinteoirí chun léargas agus straitéisí a bhaineann le tionscnaimh athraithe a chomhroinnt.** (Rogha - I gcónaí, Go minic, Uaireanta, Go hannamh, Riamh)
7. **Cuirim tacaíochtaí agus struchtúir scoile in oiriúint bunaithe ar aiseolas na foirne agus ar riachtanais foghlama a bhíonn ag athrú i gcónaí.** (Cuirim/Ní chuirim)